Is leor beirt … It takes two!

Tuigtear nach bhfuil slua de dhíth le daoine a chur ag labhairt i nGaeilge i ngach cearn den tír - is leor beirt!

Tá tús curtha leis an chéad ghréasán náisiúnta de chiorcail chomhrá faoi theideal an fheachtais Is Leor Beirt. Tá sé an-éasca grúpa nua Is Leor Beirt a bhunú - níl ag teastáil ach go mbuailfidh grúpa beag le chéile i gcaife áitiúil nó sa bhialann san ionad oibre le comhrá le chéile i nGaeilge ar bhonn rialta. Cuirtear fáilte roimh dhaoine eile le spéis sa teanga.

Níl aon chostas nó am breise de dhíth chun páirt a ghlacadh i ngréasán Gaeilge Is Leor Beirt, ó seo am lóin nó sos caife a bheadh á ghlacadh ag daoine ar aon nós, ach beidh sé á ghlacadh acu i suíomh éagsúil anois i dteannta daoine eile sa suim sa teanga.

Tugann an scéim nua seo deis labhartha Gaeilge don ghnáthphobal agus cinnteoidh go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil go poiblí in ionaid éagsúla timpeall na tíre. Ní hamháin go mbeidh pointe teagmhála á chruthú ag an scéim do dhaoine lasmuigh de phobal na Gaeilge ar an dóigh seo, ach cabhróidh Is Leor Beirt go mór le daoine ar an gcúpla focal an easpa muiníne agus an eagla roimh úsáid na Gaeilge a dhíbirt i gcomhluadar cairdiúil, neamhfhoirmeálta.

Tá grúpa cheana féin ag Baile Locha Riach a thagann le chéile @ 11.00 gach Céadaoin in Hope’s.

To get your cúpla focal going - it only takes two!!

A national network of Irish-language conversation circles by the name of Is Leor Beirt, or It Takes Two, has recently been launched across the country. It is extremely easy to set up a new Is Leor Beirt conversation circle; all you need is for a small group of people to meet in a local cafe or in your workplace restaurant to chat together in Irish on a regular basis. New people are always welcome to the group.

There is absolutely no extra cost or time needed to get involved with the Is Leor Beirt network as the scheme revolves around coffee breaks or lunchtimes that people would be taking anyway, only now they'll be relaxing in a new setting in the company of other people interested in the language.

The new scheme Is Leor Beirt, or It Takes Two, gives everyone in the community a chance to use their cúpla focal and ensures Irish will be heard in various public places across the country. Not only will the scheme be providing a contact point for people maybe not already involved in the Irish-language community, but Is Leor Beirt will help people overcome their fear and lack of confidence in speaking the language by providing a safe, friendly and informal setting to use their cúpla focal.

A Group has already been set up in Loughrea that comes together every Wednesday Morning in Hope’s Bakery @ 11.00 a.m.

Further information : **Gaeilge Locha Riach** ***091 870718***